Technology Ireland
Ibec

# An bhfuil Eolaíocht Ríomhaireachta na hArdteiste duitse?

Réitigh do rogha ábhair do cheann de na hearnálacha is mó fás



# Cén fáth ar chóir duit staidéar a dhéanamh ar Eolaíocht Ríomhaireachta?

## Tá Eolaíocht Ríomhaireachta (ER) ag éirí go tapa ar cheann de na réimsí staidéir is mó a bhfuil tóir orthu. Féachaimis ar cén fáth ar chóir duit smaoineamh ar ER mar ábhar Ardteiste.



- Tá ER ábhartha do gach earnáil den gheilleagar, ón bhaincéireacht go cógaisíocht agus gach rud idir eatarthu. D'fhéadfá a bheith i do speisialtóir ER ag féachaint ar íomhánna leighis cosúil le scanadh inchinne, ag tuar cad a d'fhéadfadh tarlú do na hothair sin, nó cibear-speisialtóir a úsáideann fóiréinsic ríomhaire chun coiriúlacht a réiteach.
- Baineann beagnach gach cosán gairme anois le bheith ag obair leis an teicneolaíocht ar bhealach éigin.
- Tá an-éileamh ar na scileanna a fhoghlaimeoidh tú.
- Is conair é ERAT chuig gairmeacha ar nós ríomhchlárú bogearraí, anailísíocht sonraí nó teicneolaíocht faisnéise.

"Shíl mé go mbeadh an t-ábhar ar fad ag baint le clárú agus códú, ach bhí i bhfad níos mó i gceist. Chuir sé iontas orm cé chomh leathan is a bhí an téarma 'Eolaíocht Ríomhaireachta', ach is breá liom gach rud faoin ábhar."

**Iar-Dhalta ER Ardteistiméireachta**

# Cén chaoi a bhfuil a fhios agam gur domsa atá sé?

## An mbaineann tú taitneamh as puzail, réiteach fadhbanna, tincéiriú agus smaoin-teoireacht loighciúil agus chruthaitheach?

- An bhfuil spéis agat sa tionchar atá ag an teicneolaíocht ar an tsochaí, agus conas is féidir le ríomhairí tionchar dearfach sóisialta a imirt ar an domhan?
- An bhfuil suim agat i gcumarsáid éifeachtach agus faisnéis a bhainistiú?
- An mbaineann tú taitneamh as a bheith ag obair i ngrúpaí chun fadhbanna a réiteach?

Tá roinnt bealaí gur féidir leat dul isteach i dtionscal na teicneolaíochta, ó phrintíseachtaí teicneolaíochta go cúrsaí ar líne – ní gá duit céim a bheith agat chun bheith ag obair sa tionscal seo!



Déanann siad siúd a bhfuil súil ealaíonta acu dearthóirí maithe comhéadain, agus is féidir leo siúd ar maith leo teangacha oibriú i réimse na Próiseála Teanga Nádúrtha.

**Cé go dteastaíonn mata ón Eolaíocht Ríomhaireachta, ní gá duit a bheith i do dhraíodóir matamatice le go n-éireoidh leat sa tionscal.**

# Cad a fhoghlaimeoidh daltaí ER?

## Smaointeoireacht ríomhaireachta

Conas fadhbanna a réiteach agus smaoineamh go cruthaitheach.

## Teangacha ríomhchlárúcháin

Is éard is teanga ríomhaireachta ann ná an rud a úsáideann ríomhchláraitheoirí chun ríomhchláir bhogearraí, scripteanna, nó sraitheanna eile treoracha a fhorbairt do ríomhairí le forghníomhú.

## Córais ríomhaireachta

Cad atá ar siúl taobh istigh de ríomhaire agus conas a oibríonn sé.

## Foghlaim trí dhéanamh

Foghlaim phraiticiúil trí obair thionscadail agus grúpobair.

## Ríomhairí agus an tsochaí

Eitic agus impleachtaí sóisialta ríomhairí.

## Réiteach fadhbanna

Déanfaidh na mic léinn réitigh a phleanáil, a dhearadh agus a thógáil ar fhadhbanna an tsaoil mhóir.

## Dearadh agus forbairt

Is cruthaitheoirí agus dearthóirí teicneolaíochta iad na mic léinn.

**Tá tuilleadh eolais faoin gcaoi a bhfuil an clár struchtúrtha ar fáil [https://cc.careersportal.ie/school/lc_subject_detail.php?course_id=55](https://cc.careersportal.ie/school/lc_subject_detail.php?course_id=55).**



# An chéad cheann scríbe eile?

## Eascraíonn réimse leathan deiseanna gairme ón ábhar seo. Chomh maith leis seo, beidh na scileanna a foghlaimíodh (réiteach fadhbanna, smaointeoireacht loighciúil agus cláir) thar a bheith luachmhar i go leor ionad oibre agus gníomhaíochtaí.

Seo a leanas roinnt samplaí gairme:

- **Comhairleoir TF**
- **Dearthóir Cluichí**
- **Anailísí Sonraí**
- **Dearthóir na Meán Digiteach**
- **Innealtóir Bogearraí**
- **Forbróir Gréasáin**
- **Ailtire Faisnéise**

Meallann eolaíocht ríomhaireachta gach cineál duine – níl aon steiréitíopa sa tionscal seo. Tá eolaíocht ríomhaireachta ann do chách, tú féin san áireamh!

Tá na
**deich**
gcomhlacht teicneolaíochta domhanda is fearr lonnaithe in Éirinn anois.



Tá breis is
**240,000+**
duineostaithe in earnálacha dian-digiteach in Éirinn.

# Cad é atá i ndán do chéimí in earnáil na teicneolaíochta?

## Is lárionad cumhachta ardteicneolaíochta Eorpach í Éire agus tá sí ar cheann de cheanncheathrúna teicneolaíochta an domhain. Ciallaíonn gairm in earnáil teicneolaíochta na hÉireann go mbeidh tú ag obair san earnáil ghairme is mó fás agus is tapúla atá ag athrú.

Tugann eolaíocht ríomhaireachta luach saothair don nuálaíocht agus don chruthaitheacht ach éilíonn sí cruinneas agus aird ollmhór ar mhionsonraí.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó **https://gradireland.com/careers-advice/information-technology/your-career-technology**.

Is féidir cloisteáil freisin ó chéimithe le déanaí a chuaigh ar aghaidh chun slí bheatha a bhaint amach san Earnáil Teicneolaíochta. Faigh amach **https://gradireland.com/search/advice?search=%23gradstories** cad is breá leo faoina bpoist, cad iad na príomhfhreagrachtaí atá orthu, cad iad na scileanna atá ag teastáil uathu chun bheith rathúil ina róil, agus go leor eile.

Technology Ireland
Ibec

**Technology Ireland**
84/86 Sráid Bhagóid Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
T: + 353 1 605 1500
R: info@technology-ireland.ie
SG: www.technology-ireland.ie
@technologyireland #computersciencecareers